## Scoil Naomh Bríde, Tulach Uí Chadhain

## Plean Scoile Tíreolaíochta

### Teideal:

Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta: Tíreolaíocht.

### Réamhráiteas:

### (a) Conas a cuireadh an plean seo le cheile agus cé a bhí páirteach ann?

Is iad foireann iomlán na scoile a leag amach clár tíreolaíochta bunaithe ar Curaclam na Bunscoile 1999. Déanfaidh curaclaim tíreolaíochta comhchothrom deimhin de go bhfaigheadh na páistí taithí ar raon leathan de thopaicí tíreolaíochta agus soláthraíonn sé an comhthéacs ina bhforbróidh siad scileanna agus coincheapa tíreolaíochta.

### (b)Cén fáth go bhfuil gá leis an bplean seo?

Deimhneóidh pleanáil eifeachtach i gcomhair na tíreolaíochta sa scoil go ngeobhaidh na daltaí taithí ar churaclam comhchothrom ina seachnófar idir athrá míchuí agus bearnaí suntasacha. Cuidíonn sé leis an bpáiste na diminsiúin nádúrtha, daonna, sóisialta agus cultúrtha den imshaol áitiúil agus d'imshaoil níos fairsinge a iniúchadh agus a imscrúdú agus tuiscint orthu a shaothrú; raon leathan scileanna a fhoghlaim agus a chleachtadh, agus dearcadh oscailte criticiúil freagrach a ghnóthú agus deis a chuir ar fáil don pháiste maireachtáil mar bhall eolach cásmhar den phobal áitiúil agus de phobail níos fairsinge.

### Fís agus Aidhmeanna:

### (a) Fís- An plean i gcomhthéacs na scoile:

Cuireann an Tíreolas chumas ar pháistí ciall a dhéanamh den domhain mórthimpeall orthu agus sa domhain mhór. Mar sin, tá an Tíreolas riachtanach do oideachas ghinearálta na bpáistí. Cuidíonn an Tíreolas chun páistí a réiteach páirt a ghlacadh sa phobal trí cleithiúnachas daoine ar a chéile a thuiscint. Cothaíonn an Tíreolas tuiscint agus meas ar chultúrtha agus bealaí reatha éagsúla. Freisin cothaíonn Tíreolas meas na bpáistí ar an timpeallacht.

## (b) Aidhmeanna

- a chur ar chumas an pháiste eolas, scileanna agus dearcadh a shealbhú i dtreo go saothrófar tuiscint eolach chriticiúil ar shaincheisteanna sóisialta, imshaoil agus eolaíochta
- fiosracht agus samhlaíocht mar gheall ar imshaoil áitiúla agus cinn níos fairsinge a threisiú agus a spreagadh
- a chur ar chumas an pháiste páirteanna freagracha a ghlacadh mar dhuine aonair, mar bhall de theaghlach agus mar bhall de phobail áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus dhomhanda
- tuiscint agus cásmhaireacht a chothú i dtaca le comhspleáchas iomlán gach daonnaí, gach dúile beo agus an Domhain ina maireann siad
- aireachtáil a chothú sa pháiste go bhfuil sé/sí freagrach as cúram fadtéarmach an imshaoil maille le rún úsáid inbhuanaithe acmhainní an Domhain a chur chun cinn trína stíl mhaireachtála phearsanta agus trí bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht chomhchoitianta mar gheall ar an imshaol
- dearcadh daonnachtúil freagrach a chothú maille le léirthuiscint ar an domhan de réir creideamh agus luachanna.

## <u>Pleanáil Curaclaim:</u>

**<u>1. An Clár Tíreolaíochta: 1.1 Snáitheanna agus Snáithaonaid:</u>**Tá tíreolaíocht sa churaclam do gach leanbh sa bhunscoil ó naíonáin shóisearacha go dtí an rang a sé. Tá an curaclam curtha i láthair in dhá chuid: scileanna agus ábhar.

**Scileanna agus coincheapa**

Tugann an Curaclam Tíreolaíochta imlíniú ar na scileanna agus ar na coincheapa is cóir do leanaí a fhorbairt lena n-áirítear:

- Tuiscint d'áit agus do spás
- Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha
- Scileanna imscrúdaithe tíreolaíochta

**Ábhar**

Tá roinnt snáitheanna sa Churaclam Tíreolaíochta:

- Imshaoil dhaonna
- Imshaoil nádúrtha
- Feasacht faoin imshaol agus cúram an imshaoil.

Imlíníonn na snáitheanna seo an t-ábhar is gá a bheith san áireamh sa Churaclam Tíreolaíochta ag gach ceann de na leibhéil ranga. Tá gach snáithe roinnte ina cheithre snáithaonad. Díríonn na haonaid seo ar théamaí faoi leith laistigh den snáithe.

## 1.2 Smaointe Leanaí

**An tíreolaíocht i gcuraclam páistelárnach**

Tá na pointí seo le háireamh ar an gcúnamh is tábhachtaí a thugann an tíreolaíocht d'oideachas an pháiste:

- freastalaíonn sí ar ngá atá ag an bpáiste leis an domhan atá timpeall air/uirthi a iniúchadh agus a thuiscint
- tugann sí raon scileanna agus coincheap don pháiste rud a chuireann ar a c(h)umas gnéithe nádúrtha agus daonna agus a nidirghníomhú a iniúchadh agus a chlárú go rianúil sa chomhthéacs áitiúil agus i gcomhthéacsanna níos fairsinge
- cuidíonn sí leis an bpáiste tuiscint dá (h)áit féin a fhorbairt agus sa tslí seo téann sí chun leasa dá f(h)éiniúlacht
- cothaíonn sí tuiscint an pháiste do shaoránacht áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, Eorpach agus dhomhanda
- saothraíonn sí ionhbhá le daoine eile agus léirthuiscint ar dhaoine a bhfuil cúlraí cultúrtha, eitneacha, sóisialta agus reiligiúnacha ilghnéitheacha acu
- forbraíonn sí tuiscint don fhreagracht atá ar an duine aonair agus ar an bpobal araon as an imshaol.

## 1.3 Imscrúdaithe Praiticiúla

Is é atá sa tíreolaíocht ná staidéar ar an Domhan, ar a áitritheoirí agus ar na comhghaolta atá eatarthu i gcomhthéacs áite, spáis agus imshaoil. Príomhchúram de gach staidéar tíreolaíoch is ea an comhghaol atá idir gnéithe nádúrtha agus daonna agus saol daoine, an gaol atá ag an gcine daonna le himshaoil ilchineálacha ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal domhanda. Foghlaimeóidh na páistí conas an domhan thart orthu a imscrúdú tríd forbairt a dhéanamh ar na scíleanna seo a leannas:

Ag Obair go heolaioch

- Ag ceistiú
- Ag breathnú
- Ag tuar
- Ag meas agus ag tomhas
- Ag anailísiú
- Ag clárú agus ag cur in iúl
- Ag Meastóireacht

## 1.4 Bainistíocht an tSeomra Ranga:

Cuidíonn eagrúchán maith leis an bainistíocht ranga agus bíonn sé seo mar bhuntaiste do fhorbairt an pháiste. Moltar na páistí a bheith chomh gníomhach is féidir agus gach páiste a bheith rannpháirteach sa rang tré cuspoirí ranga soléir a bheith leagtha amach ag an múinteoir róimh ré. Cruthaítear meon deimhneach i leith na tireolaíochta agus léirthuiscint ar thabhacht na tíreolaíochta don tsochaí a fhorbairt.

## 1.5 Príomh-Mhodheolaíochtaí:

**Módh-Eolaíochta/Módh Oibre**

- Rang Iomlán: obair aonair & bheirte agus obair ghrúpa
- Módh na sraithe,
- módh na lán fhreagartha gníomhaí,
- an módh díreach,
- an módh clóslabhartha

- an módh clósamhairc
- Babhta tobsmaoibte a dhéanamh agus liostaí
- Comhrá Ranga ag na grúpaí éagsúla futhu
- Ag bailiú eolais/ tionscnamh
- Cuir i lathair: Taispeantas
- Turais éagsúla: Áth Luain, Baile Átha Cliath & eile.
- Iniúchadh agus imscrúdú
- Anailísiú
- Tascanna agus trialacha
- Ceisteanna agus freagraí

**1.6: Nascadh agus Comhthathú:**

- Beidh nascadh laistigh de ábhair O.S.I.E san Eolaíocht agus san Tíreolaíocht agus freisin comhthathú idir an rang tíreolaíochta agus timpeallacht na bpáistí iad féin.
- Beidh a lán de na scileanna a rianaítear in Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha ag brath ar fhorás matamiticiúil an pháiste.
- amharcealaíona: ag saothrú feasachta aeistéitiúla san imshaol agus i gcúrsaí tógála
- corpoideachas*:* gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta ag comhlánú obair léarscáile agus forbairt thuiscint an pháiste d'áit agus do spás
- teangacha: trí idéanna tíreolaíocha a phlé agus a chur i láthair, trí fheasacht an pháiste ar theangacha i dtíortha eile a spreagadh agus tríd an ngaolmhaireacht idir gnéithe tíreolaíocha agus logainmneacha Gaeilge agus Béarla a aithint. Freisin is féidir téama mar 'Uisce' nó 'Bailte', nó ceann bunaithe ar úrscéal nó scéal, a roghnú agus é a iniúchadh ar roinnt bealaí a bhainfeadh feidhm as gnéithe de go leor achar teagaisc éagsúil.

## 1.7 Cothromaíocht idir Eolas agus Scíleanna

- Baintear úsáid as raon modhanna agus as éagsúla sa chur chúige. Spreagfar clár eifeachtach páistí chun ceisteanna a chur, chun a gcuid idéanna a thástáil agus a phlé agus freisin chun an domhan fisiceach a bhreathnú agus a iniúchadh. Tá sé tábhachtach raon de ghnéithe oiriúnacha nádúrtha agus daonna atá oiriúnach le cur isteach sa chlár a aithint chun a chinntiú go mbíonn curaclam na tréimhse bunscolaíochta leathan cothrom.

## 2. Measúnú:

**Aidhmeanna an mheasúnaithe**

Trí phlé a dhéanamh ar na hilbhealaí inar féidir leis an measúnú an teagasc agus an fhoghlaim a shaibhriú is féidir léirthuiscint a chothú ar a ról i gcur i bhfeidhm an churaclaim thíreolaíochta. Is féidir leis an measúnú

- cuidiú chun an méid atá ar eolas ag na daltaí, an méid a thuigeann siad agus an méid is féidir leo a dhéanamh, a aithint
- na rátaí difriúla dul chun cinn atá á ndéanamh ag daltaí a léiriú
- cuidiú le torthaí an teagaisc a chur i gcóimheas le cuspóirí teagaisc
- cuidiú le heispéiris fhoghlama a phleanáil don am atá le teacht
- achair ina mbíonn fadhbanna ag an bpáiste a aithint i dtreo go nbhfreastalófar ar a riachtanais fhoghlama
- cumarsáid idir mhúinteoirí mar gheall ar dhaltaí a éascú
- an bunús a sholáthar chun tuairisciú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile agus chun cumarsáid a dhéanamh leo
- eolas a bhaineann le haistriú daltaí ó bhunscoileanna go hiarbhunscoileanna a sholáthar
- cuidiú le múinteoirí agus le scoileanna cinneadh ar chomhairlí faoi fhorbairt agus chur i bhfeidhm an churaclaim

## Ag Breathnú ar Obair na Leanaí:

- Breathnóireacht an mhúinteora, (Dírbhreathnú)- Tabharfaidh mé cumas éisteachta agus tuisceanna an páiste faoi deara nuair a chuireann mé ceist ar an bpáiste
- Tascanna agus trialacha ranga - Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht - ceistiúchan- An aithníonn an páiste focal agus an mbaineann sé/sí brí as an téacs? Coinnéoidh mé súil géar ar dul chun cinn na bpáistí agus an cheacht ar siúl. Cuirfidh mé ceisteanna othru chun cinntiú go bhfuil siad díríthe ar an cheacht atá ar siúl acu.
- Samplaí oibre, bailiúchin oibre agus tionscadail: ina dtiomsófar samplaí d'obair na bpáistí a comhlánaíodh i rith roinnt de na tascanna thuas

## 3. Leanaí le Riachtanais Éagsúla:

## Comhionannas agus Rannpháirtíochta

Déanfaidh múinteoirí pleanáil ar ghníomhaíochtaí atá oiriúnacht do léibhéil chumais agus d’éispéiréis na bpáistí. Déanfar macnamamh ar: úsáid teaglama de theagasc ranga agus d’obair ghrúpa le sprioc ceapáirithe, pleanáil topaicí a chuireann deiseanna ar fail dá thuilleadh imscrúdaithe do na daltaí is cumasaí agus na daltaí is lú cumais, pleanáil aonad bunaithe ar comhthéacsanna coitianta an pháiste agus a gcuid idéanna agus léibhéil tuisceana a bheith mar tús phointe d’obair tionscadail, deiseanna a chur ar fáil chun idirghníomhú le páistí eile agus don obair i gcomhbhuíon leo, cead a thabhairt do dhaltaí a bheith ag obair le hábhair choincréiteacha, moladh do thuismitheoirí obair a dhéanamh i dteannta le páistí tréitheacha agus ar pháistí ar lú a gcumas, úsáid a bhaint as imscrúdaithe mar bhonn don obair phraiticiúil. Is de réir an eolais agus na tuisceana atá bainte amach acu a thugann páistí faoi thascanna ceannoscailte a réiteach.
Tugann imscrúdaithe deiseanna do pháistí a réitigh féin ar fhadhbanna a leanúint go ceann scribe.

## 4.Pleanáil Eagraíochta

## Clár Ama

Seo an méid ama a thugtar d'ábhair O.S.I.E gach seachtain:

Ranganna Naíonáin: 2 uair 15 nóiméad

Meán Ranganna agus Ard Ranganna: 3 uair a chloig

## 5. Acmhainní agus Treallamh

- Timpeall an Domhain: Leabhar an Mhúinteora agus Leabhar Oibre.
- Físeáin agus Dlúthdhioscaí
- Cáirteanna/Pictiúirí/ Postaer
- Clárbán agus idirlíon
- Cruinneoga, learscáileanna, atlais agus mapaí

## 6. Pleanáil agus Tuairisciú Múinteoir Aonair

Déanfar pleanáil agus rognófar aonaid oibre don tíreolaíocht, ag déanamh deimhin go ngeobhaidh na páistí cleachtadh ar chlár leathan comhchothrom. Tabharfaidh an múinteoir na factóirí seo a leannas san aireamh nuair atá siad ag pleanáil aonad oibre don tíreolaíocht: eispéireas foghlama, clár tíreolaíochta na scoile, cur chuige, modhanna oibre agus modhanna muinte, tascanna séasúracha, acmhainní agus tacaíocht atá ar fail don mhúinteoir.

## 7. Forbairt Foirne

Tá sé riachtanach go mbeidh cumarsáid maith idir foireann na scoile.

Cuirfidh an caidreamh a dhéanfaidh an múinteoir leis an múinteoir a bhí i mbun an ranga roimhe/roimpi féin agus breathnú ar thaifid an ranga faisnéis úsáideach ar fail dó/di nuair a bheidh clár nua á dhreachtadh agus scéimeanna oibre á phleanáil amach aige/aici.

## 8. Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus Nascadh leis an bPobal

**Rannphairtíocht Tuismitheoirí:**

Is léir go dtiocfaidh den bhéim a leagtar sa churaclam ar iniúchadh na timpeallachta gur iomaí sin bealach ar féidir le teaghlaigh na bpáistí cabhrú chun an clár a shaibhriú agus chun tacú leis. Is féidir le tuismitheoirí agus le muintir na háite cabhrú le gníomhaíochtaí tíreolaíochta trína gcuid eolais agus inniúlachta a roinnt-cuireadh a thabhairt do aoí chainteoirí trí lámh cúnta a thabhairt agus cuairteanna á eagrú chun ionaid spéise agus tuismitheoirí a bheith ag obair lena gcuid páistí ar thascanna scoile tíreolaíochta.

- **Critéir Rathúlachta**

Tá ullmhuchán na múinteoirí riachtanach chun an plean seo a chur i bhfeidhm. Tá sé tabhachtach na módhanna atá luaite a bheith á leanúint agus athbhreithniú a dhéanamh ar seo go rialta.

- **Cur i bhFeidhm: Meán Fomhair 2013**

### Rólanna agus Freagracht

Tá sé an-tabhachtach do fhorbairt an pháiste go bhfuil an churaclam a chur i bhfeidhm i ngach rang. Tá an freagracht seo ar fhoireann na scoile ar fad agus gach múinteoir freagrach as a rang féin. Beidh an plean seo le cur i bhfeidhm Meán Fomhair 2013.

- **Athbhreithniú: Meitheamh 2015**

**(a) Rólanna agus Freagracht**

Tá an freagracht seo ar fhoireann na scoile nuair atá data den athbhreithniú thuas. Meitheamh 2015

**(b) Spriocdháta don athbhreithniú**

Déanfar athbhreithniú ar seo sa bhlain 2015

- **Daingniú agus Cumarsáid**

**Siniú _________________________________ Dáta: _________________**

**Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta**